

Roinn 4



Cruthaigh Buiséad Measúnú Féideartha

Buiséad samplach – córas buiséadaithe clúdach

Tá buiséad samplach thíos a úsáideann an córas buiséadaithe clúdach

Samhlaigh go bhfuil €100 agat i gclúdach bán agus de réir mar a chaitheann tú an t-airgead scríobhann tú céard air a bhfuil sé caite agus I laghdaíonn tú an t-iomlán mar atá déanta thíos;

Iomlán ~~€100~~

Luan, lón ~~€10~~ - €90

Máirt, aip ~~€5~~ - €85

Déardaoin, creidmheas ~~€20~~ - €65

Aoine, pictiúrlann/bia ~~€25~~ - €40

Aoine, Comhar Creidmheasa - Coigilteas ~~€10~~ - €30

Satharn, bronntanas breithlae ~~€20~~ - €10

Airgead fágtha €10

Is bealach simplí ach éifeachtach é seo chun cuntas a choimeád ar an airgead atá á chaitheamh agat. De réir mar a leanann an tseachtain ar aghaidh feiceann tú an tsuim airgid atá fágtha agus is féidir caiteachas a dhéanamh dá réir.

